C/2025/6359

24.11.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Samhain 2025

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025

(C/2025/6359)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2025 go cinntitheach an 27 Samhain 2024 ([2]);

– an 3 Deireadh Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún togra ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta le haghaidh bhliain airgeadais 2025, a chomhlánaigh an Coimisiún an 5 Samhain 2025 leis na figiúirí deiridh don choigeartú tuarastal in 2025;

– ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill lena seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta le haghaidh 2025, i bhfianaise (a) leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a mhéadú go práinneach do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus don Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV), toisc nárbh fhéidir na méideanna sin a áireamh sna hath-leithdháiltí atá beartaithe san 'Ollaistriú' (DEC Uimh. 15/2025), a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 3 Deireadh Fómhair 2025, (b) nuashonrú a dhéanamh ar riachtanais na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna), lena gcealaítear na méideanna i gcúlchiste nach mbeidh gá leo in 2025, (c) leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Threalamh Rialaithe Custaim (ITRC) a laghdú mar gheall ar mhoilleanna ar chur chun feidhme sna Ballstáit, (d) laghdú a dhéanamh ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas don Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil mar gheall ar ghnóthachain éifeachtúlachta ó nósanna imeachta soláthair iomaíocha, (e) laghdú a dhéanamh ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don tSaoráid don Úcráin, ós rud é go raibh tionchar ar phróifíl íocaíochta 2025 ag athruithe ar bhoinn tuisceana ar nós luas chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, dáta sínithe comhaontuithe ráthaíochta agus measctha agus uainiú íocaíocht na bhfóirdheontas i leith costais iasachtaíochta, (f) coigeartú a dhéanamh ar ranníocaíocht an Aontais leis an Údarás um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (ÚSAC), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), agus í sin nasctha le cur chun feidhme nó le cúiseanna sonracha eile, (g) an nuashonrú deiridh ar thuarastail le haghaidh 2025 a chomhtháthú agus (h) taobh an ioncaim den bhuiséad a nuashonrú dá réir. Dá bhrí sin, tá údar le foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ón tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 a ghlacadh an 17 Samhain 2025.

([1]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
([2]) IO L, 2025/31, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2025/31/oj.

Tá an téacs iomlán ([3]) ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/public-register-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

([3]) 14878/25 + ADD 1.